# CINNEADH (CBES) 2021/1251 ÓN gCOMHAIRLE

## an 29 Iúil 2021

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a mhéid a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 ([1]).

(2) De bhun Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Is é tátal na Comhairle gur cheart an iontráil maidir le duine amháin, atá básaithe, agus maidir le duine eile, a raibh bearta sriantacha infheidhme ina leith go dtí an 2 Aibreán 2021, a scriosadh agus gur cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis chéannachta a bhaineann le duine amháin a uasdátú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Airteagal 17, scriostar míreanna 3 agus 4;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a mhéid a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(2)), leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(a) scriostar iontráil 4 (a bhaineann le TOHAMI, General Khaled);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 7 (a bhaineann le AL-MAHMOUDI, Baghdadi):

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| "7. | AL-MAHMOUDI, Baghdadi<br>dá ngairtear freisin<br>AL-MAHMOUDI<br>Al-Baghdadi, Ali<br>AL-MAHMOUDI AL-BAGHDADI, Ali | Áit bhreithe: Alassa, An Libia<br>Náisiúntacht: An Libia<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Abu Dhabi, United Arab Emirates | Ina Phríomh-Aire i Rialtas an Choirnéil Qadhafi.<br>Dlúthbhaint aige le réimeas Muammar Qadhafi tráth. | 21.3.2011" |

(c) scriostar iontráil 15 (a bhaineann le GHWELL, Khalifa);

(2) in Iarscríbhinn IV, (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)), leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(a) scriostar iontráil 4 (a bhaineann le TOHAMI, General Khaled);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 7 (a bhaineann le AL-MAHMOUDI, Baghdadi):

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| "7. | AL-MAHMOUDI, Baghdadi<br>dá ngairtear freisin<br>AL-MAHMOUDI<br>Al-Baghdadi, Ali<br>AL-MAHMOUDI AL-BAGHDADI, Ali | Áit bhreithe: Alassa, An Libia<br>Náisiúntacht: An Libia<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Abu Dhabi, United Arab Emirates | Ina Phríomh-Aire i Rialtas an Choirnéil Qadhafi.<br>Dlúthbhaint aige le réimeas Muammar Qadhafi tráth. | 21.3.2011" |

(c) scriostar iontráil 20 (a bhaineann le GHWELL, Khalifa).